Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10526 — CHEVRON / NESTE BASE OIL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 38 I/03)

1. An 18 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Chevron Global Energy Inc ("Chevron", Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú

— Chevron Corporation (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Neste Base Oil Finland Oy ("Neste Base Oil", an Fhionlainn), faoi rialú Neste Oyj (an Fhionlainn).

Gheobhaidh Chevron rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Neste Base Oilina ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Chevron: bíonn sé gníomhach i dtáirgeadh amhola agus gáis nádúrtha, i monarú breoslaí iompair, bealaí, peitriceimiceán agus breiseán,

— Neste Base Oil: Is éard atá i ngnó bonn-ola Neste seach-chuideachta de dheighleog gnólachta Tháirgí Ola Neste Oyj agus cuimsíonn sé, den chuid is mó, branda NEXBASE ™, cáilíochtaí agus ceaduithe gaolmhara, conarthaí díolacháin agus lóistíochta chomh maith le comhaontú ceannacháin maidir le táirgeadh agus seachadadh bonn-olaí de Ghrúpa III agus de Ghrúpa II. Ní áirítear ann aon saoráid táirgthe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10526 — CHEVRON / NESTE BASE OIL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").